2023/2513

17.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2513 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Samhain 2023

maidir le neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí trífhlusulfúrón-meitil, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 20(1) agus Airteagal 78(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2009/77/CE ón gCoimisiún ([2]) áiríodh trífhlusulfúrón-meitil mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([3]).

(2) Maidir leis na substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([4]).

(3) Formheas na substainte gníomhaí trífhlusulfúrón-meitil, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2023.

(4) Cuireadh iarratas faoi bhráid na Fraince, an Ballstát is rapóirtéir, agus faoi bhráid na Danmhairge, an Ballstáit is comhrapóirtéir, chun formheas na substainte gníomhaí trífhlusulfúrón-meitil a athnuachan, i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([5]) agus laistigh den tréimhse ama dá bhforáiltear san Airteagal sin.

(5) Chuir an t-iarratasóir na sainchomhaid fhorlíontacha is gá faoi bhráid an Bhallstáit is rapóirtéir, an Bhallstáit is comhrapóirtéir, an Choimisiúin agus an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith inghlactha.

(6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údaráis agus an Choimisiúin í an 26 Iúil 2019. Sa dréacht-tuarascáil uaithi maidir le measúnú ar athnuachan, mhol an Fhrainc gan formheas trífhlusulfúrón-meitil a athnuachan.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Treoir 2009/77/CE ón gCoimisiún an 1 Iúil 2009 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun clórsulfúrón, ciorómaisín, démhéiteaclór, eatafeanprocs, lúifeanúrón, peanconasól, trí-alláit agus trífhlusulfúrón a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 172, 2.7.2009, lch. 23).

([3]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26). Cuireadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1740 in ionad an Rialacháin Cur Chun Feidhme sin ach, mar sin féin, tá feidhm aige go fóill maidir leis an nós imeachta chun formheas substaintí gníomhacha a athnuachan: (1) ar substaintí gníomhacha iad a dtagann deireadh lena dtréimhse formheasa roimh an 27 Márta 2024; (2) ar substaintí gníomhacha iad dá gcuireann Rialachán síneadh lena dtréimhse formheasa go dtí an 27 Márta 2024 nó go dtí dáta níos déanaí, ar Rialachán é a glacadh i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 an 27 Márta 2021 nó ina dhiaidh sin.

(7) Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal. Scaip an tÚdarás an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan ar an iarratasóir agus ar na Ballstáit freisin chun barúlacha a fháil uathu agus sheol sé comhairliúchán poiblí ina leith. Chuir an tÚdarás na barúlacha a fuarthas ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(8) An 1 Aibreán 2022 chuir an tÚdarás a chonclúid ([6]) in iúl don Choimisiún maidir le cé acu is féidir nó nach féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh trífhlusulfúrón-meitil na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(9) Shainaithin an tÚdarás imní criticiúil maidir le héilliú screamhuisce ó aon mheitibilít trífhlusulfúrón-meitil amháin atá ábhartha ó thaobh na tocsaineolaíochta de, IN-JU122, rud a thuartar a tharlóidh i gcas ina mbeidh níos mó ná 0,1 µg/L di ann sna dálaí geo-aeráide uile a chumhdaítear sna cásanna maidir le measúnú ar screamhuisce le haghaidh gach úsáide beartaithe de trífhlusulfúrón-meitil. Dá bhrí sin, ní féidir a shuí faoi láthair nach mbeidh aon éifeachtaí do-ghlactha ar screamhuisce i gcás meitibilítí trífhlusulfúrón-meitile a bheith i screamhuisce agus nach mbeidh aon éifeachtaí díobhálacha ag meitibilítí trífhlusulfúrón-meitile ar shláinte an duine, mar a cheanglaítear le hAirteagal 4(3), pointe (b), de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(10) Go háirithe, tháinig sé ar an gconclúid go bhfuil airíonna suaite inchrínigh ag trífhlusulfúrón-meitil a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héifeachtaí díobhálacha ar dhaoine, mar a leagtar amach i bpointe 3.6.5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ([7]). De réir an Údaráis, ní féidir nochtadh diomaibhseach a léiriú i gcás trífhlusulfúrón-meitil ós rud é go bhféadfaí coinne a bheith leis go mbeadh iarmhair ann i mbarra uainíochta, iarmhair atá os cionn an luacha réamhshocraithe a leagtar amach in Airteagal 18(1), pointe (b) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]). Dá bhrí sin, an ceanglas a leagtar amach i bpointe 3.6.5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, ní chomhlíontar é. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin nach bhféadfaí an measúnú riosca ar aiste bia do thomhaltóirí a thabhairt chun críche.

(11) Sa mheastóireacht a rinne an tÚdarás ar cé acu atá nó nach bhfuil gá le trífhlusulfúrón-meitil chun contúirt thromchúiseach do shláinte plandaí a rialú, contúirt nach féidir a shrianadh trí mhodhanna eile atá ar fáil lena n-áirítear modhanna neamhcheimiceacha i gcomhréir le hAirteagal 4(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhféadfadh líon neamhleor roghanna malartacha ceimiceacha a bheith ar fáil tráth an mheasúnaithe i gcás úsáidí áirithe agus i roinnt Ballstát. Mar sin féin, tá roinnt modhanna neamhcheimiceacha ar fáil (mar shampla, fiailí a bhaint go meicniúil), cé go bhféadfadh sé nach mbeadh an éifeachtúlacht chéanna acu agus a bhíonn ag modhanna ceimiceacha agus/nó d'fhéadfadh teorainneacha eacnamaíocha nó teorainneacha indéantachta eile a bheith ag baint leo. Ina theannta sin, d'fhéadfaí roghanna malartacha ceimiceacha breise a chur ar fáil sna Ballstáit lena mbaineann trí aitheantas frithpháirteach a thabhairt do tháirgí malartacha atá ar fáil i mBallstáit eile, dá bhforáiltear in Airteagal 40 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Ina theannta sin, measann an Coimisiún nár sainaithníodh aon bhaol tromchúiseach do shláinte plandaí. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach gcomhlíontar na coinníollacha maidir leis an maolú in Airteagal 4(7) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 a chur i bhfeidhm.

(12) Chuir an Coimisiún tuarascáil athnuachana faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 14 Deireadh Fómhair 2022 mar aon le dréacht den Rialachán seo an 11 Iúil 2023.

(13) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach i leith chonclúid an Údaráis. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, d'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach i leith na tuarascála athnuachana. Chuir an t-iarratasóir a bharúlacha isteach, agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.

(14) D'ainneoin na n-argóintí a rinne an t-iarratasóir, ní fhéadfaí an t-ábhar imní a bhaineann leis an tsubstaint ghníomhach a chur as an áireamh.

([6]) *Peer review of the pesticide risk assessment of the active substance triflusulfuron-methyl* [Athbhreithniú piaraí ar an measúnú riosca lotnaidicídí i gcás na substainte gníomhaí trífhlusulfúrón-meitil] *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(5):7303. Peer review of the pesticide risk assessment of the active substance triflusulfuron-methyl (wiley.com)).

([7]) Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 lena leagtar síos critéir eolaíocha chun airíonna suaite inchrínigh a chinneadh (IO L 101, 20.4.2018, lch. 33).

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó de bhunadh ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin, agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1).

(15) Dá réir sin, maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad, níor suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Dá bhrí sin, is iomchuí gan formheas na substainte gníomhaí trífhlusulfúrón-meitil a athnuachan i gcomhréir le hAirteagal 20(1), pointe (b), den Rialachán sin.

(16) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir sin.

(17) Ba cheart a ndóthain ama a thabhairt do na Ballstáit údaruithe táirgí cosanta plandaí ina bhfuil trífhlusulfúrón-meitil a tharraingt siar.

(18) Maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil trífhlusulfúrón-meitil, i gcás ina ndeonóidh na Ballstáit aon tréimhse cairde i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, níor cheart an tréimhse sin a bheith níos faide ná 9 mí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(19) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1480 ón gCoimisiún ([9]), cuireadh síneadh leis an tréimhse formheasa ar trífhlusulfúrón-meitil go dtí an 31 Nollaig 2023 chun go bhféadfar an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin in éag.

(20) Ós rud é go rachaidh an formheas reatha maidir le trífhlusulfúrón-meitil in éag an 31 Nollaig 2023, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir.

(21) Leis an Rialachán seo ní chuirtear cosc ar iarratas eile a chur isteach maidir leis an tsubstaint ghníomhach trífhlusulfúrón-meitil a fhormheas de bhun Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(22) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Neamh-athnuachan ar fhormheas na substainte gníomhaí

Ní dhéantar formheas na substainte gníomhaí trífhlusulfúrón-meitil a athnuachan.

Airteagal 2

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011

I gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, scriostar ró 289 maidir le trífhlusulfúrón-meitil.

Airteagal 3

Forálacha idirthréimhseacha

Déanfaidh na Ballstáit na húdaruithe a tharraingt siar maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil trífhlusulfúrón-meitil mar shubstaint ghníomhach faoin 20 Feabhra 2024.

([9]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1480 ón gCoimisiún an 7 Meán Fómhair 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le tréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha 2-feinilfeanól (lena n-áirítear a shalainn amhail salann sóidiam), 5-nítreaguaidheacóláit sóidiam, 8-hiodrocsacuineoilín, aimídeasulfúrón, beansulfúrón, clóifeintisín, clóirmeacuat, clómasón, clóratolúrón, cuisileafop-P-eitil, cuisileafop-P-teafuiril, daimínisíd, défheanaconasól, défheanocs, défhluifeineacan, deiltemheitrin, démhéiteaclór, díceamba, eatafeanprocs, eisfeanvailéaráit, feanocsapróp-P, feanpróipidín, feinpiorasaimín, fluidhé-ocsainil, fluifeanaicéat, fluimeitrilin, foistiasáit, leanacail, MCPA, MCPB, niceasulfúrón, ola phairifín, olaí pairifín, o-nítrifeanóláit sóidiam, peanconasól, pioclóram, p-nítrifeanóláit sóidiam, próiheicseaidé-ón, própacuiseafop, prósulfacarb, sulfar, teabúifeinpiorad, teitreaconasól, trí-alláit, trífhlusulfúrón agus tríteasulfúrón (IO L 233, 8.9.2022, lch. 43).

Airteagal 4

Tréimhse cairde

Aon tréimhse chairde a dheonaíonn na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 46 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, rachaidh sí in éag faoin 20 Lúnasa 2024.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN